***Bainistíocht agus eagrúchán ar an Oideachas Caidreamh agus Ghnéasacht sa scoil***

**Dáileadh ama**
Bainfear úsáid 5-6 rang OSPS in aghaidh na bliana suas go dtí bliain a 3. Déanfar na ranganna seo a úsáid ar dhá bhealach, beidh 3 rang OSPS i gceist leis an múinteoir ranga agus ansin déanfar na cailíní agus na buachaillí a roinnt agus beidh bloc 3 rang ag na cailíní agus na buachaillí le múinteoir chun aon cheisteanna atá acu nach mbeidís sásta a chur os chomhair na buachaillí/cailíní a chur. Déanfar an chuid OCG den chúrsa OSPS chlúdach idir tús mí Eanair agus lár mí Feabhra chuile bhliain. Tabharfaidh seo leanúnachas do na daltaí idir na blianta éagsula. Beidh scéim oibre comhchosúil ag na múinteoirí uile agus na topaicí céanna á mhúineadh ag an am céanna.

Leanfaidh an OCG ar aghaidh sna ranganna sinsireacha, beidh 9 mbloc 3 rang ag na daltaí idir bliain a 4 agus bliain a 6. Déanfar tacú ar an obair scoile le cuairteoirí oiriúnacha mar atá leagtha síos sa pholasaí OSPS.Beidh sé de dhualgais ag na múinteoirí na cuairteoirí a roghnú agus a bheith cinnte go bhfuil an ábhar cainte in oiriúint don rang agus an léibhéal eolas atá acu.Beifear ag súil freisin go mbeadh an ábhar á dhaingniú san sraith shóisearach in san ranganna éagsula atá luaite thuas ar bhráid thraschuraclaim. Is iad na cuairteoirí atá le teacht: doctúir áitiuil, KAS, AMEN, Women's Aid, Belong To, Cnáimhseach, 3 sheisiún le múinteoirí scoile chun: cumarsáid, rialacha cumarsáide, cumarsáid threallúsach, ag déileáil le mothúcháin, coinnigh do cheann, gnéasacht, tuismíocht, giniúint gan pleanáil, córas atáirgeadh, giniúint, breith, caidreamh, bás, beidh dul siar freisin ar na píosaí atá clúdaithe leis na cuairteoirí agus deis ag na daltaí chun ceisteanna a chur i rang singil ag deireadh an chúrsa chuile bhliain. Beidh nasc cinnte idir na cuairteoirí agus na múinteoirí le cinntiú go bhfuil an obair atá á chlúdach oiriúnach don aois ghrúpa,